**Leasú 10Mick Wallace, Clare Daly, Marc Botenga, Manu Pineda, Özlem Demirel, Giorgos Georgiou**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris -A**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-A. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur caitheadh USD 2.2 thrilliún, méid nár caitheadh riamh cheana, ar an gcosaint dhomhanda in 2023, go raibh fóirdheontais ann don choimpléasc tionsclaíoch míleata, agus nach ndearnadh iarrachtaí ar réitigh taidhleoireachta a bhaint amach;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0403/11

**Leasú 11**
**Marc Botenga, Mick Wallace, Clare Daly, Manu Pineda, Manon Aubry, Leila Chaibi, Marina Mesure, Younous Omarjee, Özlem Demirel, Dimitrios Papadimoulis, Stelios Kouloglou, Giorgos Georgiou, Nikolaj Villumsen, Malin Björk**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ag cáineadh go géar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne an grúpa sceimhlitheoireachta Hamas i gcoinne Iosrael, lena n-áirítear gialla a thógáil, agus á chur in iúl go dtacaíonn sí le Stát Iosrael agus lena mhuintir; á iarraidh go scaoilfear saor láithreach agus gan choinníoll na gialla uile a thóg an grúpa sceimhlitheoireachta Hamas agus go ndéanfaí coirp na ngiall a bhásaigh a thabhairt ar ais; ag cur béim ar cheart Iosrael é féin a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á iarraidh go mbeadh rochtain dhaonnúil leanúnach, mhear, shábháilte agus gan bhac ann dóibh siúd atá i ngátar trí na bearta uile is gá lena n-áirítear conairí daonnúla agus sosanna do riachtanais dhaonnúla; ag cur in iúl a brón ó chroí agus a dlúthpháirtíocht iomlán leis na híospartaigh neamhurchóideacha ar an dá thaobh, lena dteaghlaigh agus lena ngaolta; á iarraidh go dtabharfaí chun cuntais iad siúd atá freagrach as gníomhartha sceimhlitheoireachta agus as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta; | 3. ag cáineadh go géar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta uafásacha a rinne an grúpa sceimhlitheoireachta Hamas i gcoinne Iosrael, lena n-áirítear gialla a thógáil, agus á chur in iúl go dtacaíonn sí le Stát Iosrael agus lena mhuintir; á iarraidh go scaoilfí saor láithreach agus gan choinníoll na gialla uile a thóg an grúpa sceimhlitheoireachta Hamas agus go ndéanfaí coirp na ngiall a bhásaigh a thabhairt ar ais; ag cur béim ar cheart Iosrael é féin a chosaint i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta; á iarraidh go mbeadh rochtain dhaonnúil leanúnach, mhear, shábháilte agus gan bhac ann dóibh siúd atá i ngátar trí na bearta uile is gá lena n-áirítear conairí daonnúla agus sosanna do riachtanais dhaonnúla; ag déanamh comhbhrón leis na híospartaigh neamhurchóideacha ar an dá thaobh, lena muintir agus lena ndaoine muinteartha, agus ag cur a dlúthpháirtíochta iomláine leo in iúl; á iarraidh go ndéanfaí iad siúd atá freagrach as gníomhartha sceimhlitheoireachta agus as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta a thabhairt chun suntais; ***á chur in iúl gur saoth léi go ndearnadh buamáil neamh-idirdhealaitheach ar Gaza agus gur díríodh d'aon ghnó ar*** |

***oibrithe NA, ar iriseoirí, ar dhochtúirí, ar ealaíontóirí agus ar shibhialtaigh;***

Or. en

**Leasú 12**
**Manon Aubry, Leila Chaibi, Marina Mesure, Younous Omarjee, Özlem Demirel, Dimitrios Papadimoulis, Stelios Kouloglou, Nikolaj Villumsen, Malin Björk**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. á chur in iúl gur saoth léi gur chuir Iosrael Gaza faoi imshuí, rud a chuireann cosc ar shibhialtaigh rochtain a fháil ar uisce, ar bhia agus ar chógais agus a fhágann an pobal sibhialta a bheith go mór faoi léan; á áitiú go gcuirfí deireadh leis an imshuí láithreach;*** |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht

**Leasú 13**
**Manon Aubry, Leila Chaibi, Marina Mesure, Younous Omarjee, Özlem Demirel, Dimitrios Papadimoulis, Stelios Kouloglou, Nikolaj Villumsen, Malin Björk**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3 b (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. á chur i bhfios go láidir go bhfuil Gaza a bheith curtha faoi imshuí, an bhuamáil ar Gaza, agus ionsaithe eile fhórsaí Iosrael ar phobail shibhialtacha, ina bpionóis chomhchoitianta agus ina n-ionsaithe neamh-idirdhealaitheacha agus díréireacha a d’fhéadfadh a bheith ina gcoireanna cogaidh;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0403/14

**Leasú 14**
**Marc Botenga, Mick Wallace, Clare Daly, Manu Pineda, João Pimenta Lopes, Manon Aubry, Leila Chaibi, Marina Mesure, Younous Omarjee, Özlem Demirel, Giorgos Georgiou, Nikolaj Villumsen, Malin Björk**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3 c (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***3c. á chur i bhfáth go luaitear sa rialú eatramhach a d’eisigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) – cúirt is airde na Náisiún Aontaithe – go bhfuil fianaise le dealramh ann chun imscrúdú a dhéanamh ar Iosrael as cinedhíothú a dhéanamh agus á iarraidh ar Iosrael bearta a dhéanamh chun an cinedhíothú sin a chosc; á iarraidh ar Bhallstáit AE tacú le CBI agus a éileamh go ndéanfadh Iosrael na horduithe, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, arna n-eisiúint ag CBI a chomhlíonadh láithreach;*** |

Or. en

**Leasú 15**
**Marc Botenga, Mick Wallace, Clare Daly, Manu Pineda, Manon Aubry, Leila Chaibi, Marina Mesure, Younous Omarjee, Özlem Demirel, Giorgos Georgiou**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3 d (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3d. ag tabhairt dá haire go bhfuil cinedhíothú curtha i leith Iosrael agus gur ordaigh CBI d'Iosrael gníomhartha cinedhíothaithe a chosc; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael a fhoirceannadh láithreach, ós rud é nach féidir AE ná Ballstáit AE a bheith comhpháirteach i gcoireanna cogaidh Iosrael in Gaza;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0403/16

**Leasú 16**
**Marc Botenga, Mick Wallace, Clare Daly, Manu Pineda, Manon Aubry, Leila Chaibi, Marina Mesure, Younous Omarjee, Özlem Demirel, Giorgos Georgiou, Nikolaj Villumsen, Malin Björk**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3 e (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3e. á iarraidh ar na Ballstáit stop a chur láithreach le honnmhairiú arm chuig Iosrael i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES; ag tabhairt rabhadh gur féidir tíortha a thacaíonn le hIosrael trí bhíthin lastais arm a agairt anois in CBI as compháirteachas i gcinedhíothú i gcoinne na bPalaistíneach de shárú ar Airteagal 3e den Choinbhinsiún um Chinedhíothú, ina ndéantar coir as comhpháirteachas;*** |

Or. en

**Leasú 17**
**Marc Botenga, Mick Wallace, João Pimenta Lopes, Clare Daly, Manu Pineda, Manon Aubry, Leila Chaibi, Marina Mesure, Younous Omarjee, Özlem Demirel, Dimitrios Papadimoulis, Stelios Kouloglou, Giorgos Georgiou, Nikolaj Villumsen, Malin Björk**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 3 f (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3f. á iarraidh go mbeadh sos cogaidh ann láithreach in Gaza;*** |

Or. en

**Leasú 18**
**Marc Botenga, Mick Wallace, Clare Daly, Manu Pineda, Özlem Demirel, Dimitrios Papadimoulis, Stelios Kouloglou, Giorgos Georgiou**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 14 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14a. á iarraidh go ndéanfadh AE tionscnamh taidhleoireachta uaillmhianach a sheoladh chun sos cogaidh láithreach a bhaint amach san Úcráin agus chun deireadh a chur leis an gcogadh;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0403/19

**Leasú 19**
**Marc Botenga, Mick Wallace, Clare Daly, Manu Pineda, Özlem Demirel, Giorgos Georgiou**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0403/2023**
**Sven Mikser**
Cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta - tuarascáil bhliantúil 2023 (2023/2119(COD))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 18**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 18. ***á iarraidh go gceapfaí Coimisinéir um an Aontas Cosanta (DUC), laistigh den chéad Choimisiún eile a bheidh freagrach as fíor-Aontas Eorpach um Chosaint agus gach ábhar a bhaineann leis an gcosaint a thabhairt chun críche, lena n-áirítear CBSC, tar éis na cúraimí a roinnt go soiléir leis an Leas-Uachtarán/Ardionadaí; á chreidiúint, in éineacht leis an gCoiste um Shlándáil agus um Chosaint atá le bheith lánbhunaithe sa Pharlaimint, gur cheart do DUC maoirseacht chomhpháirteach a dhéanamh ar bhuiséad tiomnaithe substaintiúil de chuid an*** Aontais Cosanta; | 18. ***á mheabhrú gurb amhlaidh, de réir Airteagal 41.2 CAE, nach bhféadfar caiteachas a eascraíonn as oibríochtaí a bhfuil impleachtaí míleata nó cosanta acu a mhuirearú ar*** bhuiséad an Aontais; |

Or. en